



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0399/2023**

5.12.2023

**\*\*\*|  
TUARASCÁIL**

maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruiinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lánach  
(COM(2022)0698 – C9-0411/2022 – 2022/0404(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Danuta Maria Hübner

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtgníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtgníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtgníomh, bionn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bionn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhóráil den gníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **█** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## **CLÁR**

### **Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .....	13
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .....	15
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	16



## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchrúinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lárnach (COM(2022)0698 – C9-0411/2022 – 2022/0404(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0698),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 53(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0411/2022),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do Rial 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0399/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtaráin a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA\***

ar an togra ón gCoimisiún

---

\* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiomайл [ ] .

Togra le haghaidh

## TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**len a leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lárnoch**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtgníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach<sup>1</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach<sup>2</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a áirithíu agus chun dea-fheidhmiú an mhargaídhe inmheánaigh a áirithíu, is gá sraith aonfhoirmeach rialacha a leagan síos i dTreoír 2009/65/AE chun aghaidh a thabhairt ar riosca contrapháirtí in idirbhearta díorthach a dhéanann gnóthais le haghaidh comhinsfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI), i gcás ina ndearna CPL atá údaraithe nó aitheanta faoin Rialachán sin na hidirbhearta a imréiteach. Le Treoir 2009/65/AE, ní fhorchuirtear teorainneacha rialála ar riosca contrapháirtí ach amháin maidir le hidirbhearta díorthach thar an gcuntar, gan beann ar cé acu a imréitíodh nó nár imréitíodh na díorthaigh go lárnoch. Ós rud é go maolaíonn socruithe imréitigh lárnacha an riosca contrapháirtí atá ina dhlúthchuid de chonartháí díorthach, is gá a chur san áireamh an ndearna CPL atá údaraithe nó aitheanta faoin Rialachán sin díorthach a imréiteach go lárnoch agus is gá cothrom iomaíochta a bhunú idir díorthaigh a thrádáiltear ar an malartán agus díorthaigh thar an gcuntar, agus na teorainneacha riosca contrapháirtí is infheidhme á gcinneadh. Ní gá freisin, chun críoch rialála agus comhchuibhithe, deireadh a chur le teorainneacha riosca contrapháirtí ach amháin nuair a úsáideann na contrapháirtithe CPLanna atá údaraithe i mBallstát nó atá aitheanta, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, chun seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh agus dá gclaint.
- (2) Chun rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipítíl, is gá, ar mhaithle le húsáid éifeachtúil CPLanna, aghaidh a thabhairt ar bhaic áirithe ar úsáid imréitigh lárnaigh i dTreoír 2009/65/AE agus soiléiriú a thabhairt i dTreoír 2013/36/AE, agus i dTreoír (AE) 2019/2034. D’fhéadfadh spleáchas iomarcach chóras airgeadais an Aontais ar CPLanna tríú thír a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo (CPLanna ar Leibhéal 2) a bheith ina

<sup>1</sup> IO C 385, 15.11.2017, lch. 10.

<sup>2</sup> IO C 434, 15.12.2017, lch. 63.

n-ábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais nach mór aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí. Chun an chobhsaíocht airgeadais san Aontas a áirithiú agus rioscaí tadhlahta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú go leormhaith ar fud chóras airgeadais an Aontais, ba cheart bearta iomchuí a thabhairt isteach, dá bhrí sin, chun cothú a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith CPLanna a shainaithint, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/2034 a leasú chun institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta a spreagadh chun na bearta is gá a dhéanamh chun a samhail ghnó a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na ceanglais nua maidir le himréiteach a tugadh isteach leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus chun feabhas foriomlán a chur ar a geleachtais bainistithe riosca, agus cineál, raon feidhme agus castacht a gníomhaíochtaí margaidh á gcur san áireamh freisin. **Ba cheart Treoir 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a leasú freisin chun ról na n-údarás inniúil a shoileáiriú tulileadh i ndíriú ar aon riosca comhchruinnithe iomarcach a d'fhéadfadh teacht as neamhchosaintí institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta atá faoina maoirseacht i leith CPLanna, go háirithe CPLanna tríú tir ag a bhfuil tábhacht shistéamach don Aontas nó i gceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus a thairgeann seirbhísí atá sainitheanta ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margai (ÚEUM) mar sheirbhísí ag a bhfuil tábhacht shistéamach. Ina theannta sin, ba cheart uirlisí agus cumhactaí breise, níos mionsonraithe faoi Cholún 2 a bheith ag na húdaráis inniúla chun cur ar a gcumas gníomhaíochtaí oiriúnacha agus cinntitheacha a dhéanamh bunaithe ar chonclúidí a measúnuithe maoirseachta.**

- (2a) **Ba cheart an chumhacht a thabhairt do na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar na pleannána a cheanglaítear ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta a fhorbairt, agus an mhodheolaiocht chun ceanglas an chuntas ghníomhaigh a chalabré a chur i gcuntas. Chun athbhreithniú iomchuí a dhéanamh ar na pleannána sin, ba cheart fáil a bheith ag na húdaráis inniúla ar shonraí leibhéal na seirbhísí imréitigh a shainaithnítear mar sheirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo agus a bheidh le cothabháil ag contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais sna cuntas ghníomhacha in CPLanna an Aontais faoi réir na hoibleagáide imréitigh a shonraítear de bhun Airteagal 7a(5) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.**
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a leasú dá réir.
- (4) Ó ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, is é sin a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus a n-údaráis inniúla faireachán leormhaith agus maolú ar an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith CPLanna Leibhéal 2 a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach mhór ag baint leo agus teorainneacha riosca contrapháirtí a dhíothú i gcás idirbhearta diorthach arna n-imréiteach go lárnoch ag CPL atá údaraithe nó aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a ghnóthú go leormhaith agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal I*  
**Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE**

Leasaítear Treoir 2009/65/CE mar seo a leanas:

- (1) Cuirtear an pointe (u) seo a leanas isteach in Airteagal 2(1):

‘(u) cialláonn ‘contrapháirtí lárnach’ (‘CPL’) CPL mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*2.

\*2 Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gceantar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, Ich. 1).’;

- (2) leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) sa dara fomhír de mhír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:  
‘An neamhchosaint riosca ar chontrapháirtí de chuid GCUI in idirbheart díorthach nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí CPL atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, ní sháróidh sí aon cheann de na nithe seo a leanas:’;

- (b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:  
Féadfaidh na Ballstáit an teorainn 5% a leagtar síos sa chéad fhomhír de mhír 1 a ardú go huasmhéid 10%. Má dhéanann siad amhlaidh, áfach, ní mó luach iomlán na n-urrús inaistrithe agus na n-ionstraimí margaidh airgid atá i seilbh GCUIInna sna comhlachtaí eisiúna a n-infheistíonn sé níos mó ná 5% dá shócmhainní i ngach ceann acu ná 40 % de luach a shócmhainní. Ní bheidh feidhm ag an teorannú sin maidir le taiscí ná le hidirbhearta díorthacha arna ndéanamh le hinstítiúidí airgeadais atá faoi réir maoirseachta stuamachta.’;

(ii) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):  
‘(c) neamhchosaintí a eascraíonn as idirbhearta díorthach nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí CPL atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, arna ndéanamh leis an geomhlacht sin.’.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Threoir 2013/36/AE**

Leasaítear Treoir 2013/36/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 74(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad [phointe (b)]:

“[(b)] próisis éifeachtacha chun na rioscaí a bhfuil siad nó a bhféadfadh siad a bheith

neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu thar thréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, lena n-áirítear rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, chomh maith le riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>\*1</sup> á gcur i gcuntas;”

<sup>\*1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Lúil 2012 maidir le dfiorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).’;

- (2) in Airteagal 76(2), cuirtear isteach an fhomhír seo leanas:  
‘Áiritheoidh na Ballstáit go bhforbróidh an comhlacht bainistíochta pleananna sonracha agus spriocanna inchainníochtaithe i gcomhréir leis na comhréireanna a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun faireachán a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shuntasach leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin.’;
- (3) in Airteagal 81, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:  
‘Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú agus faireachán ar fhorbairtí i gcleachtais institiúidí maidir le bainistiú a riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, lena n-áirítear na pleananna a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 76(2) den Treoir seo, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta maidir le samhlacha gnó na n-institiúidí a oiriúnú do chuspóirí beartais ábhartha an Aontais, agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 á gcur i gcuntas.’;
- (4) in Airteagal 100, cuirtear an mhír [5] seo a leanas isteach:  
‘[5]. Forbróidh ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, i gcomhar le ESMA, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, treoirínte chun modheolaíocht chomhsheasmhach a áirithíú chun an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha a chomhtháthú sa tástáil struis mhaoirseachta.’;
- (5) leasaítear Airteagal 104, (1) mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:  
‘Chun críocha Airteagal 97, Airteagal 98(1), pointe (b), Airteagal 98(4), (5) agus (9), Airteagal 101(4) agus Airteagal 102 den Treoir seo agus chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm, beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad ag na húdaráis inniúla.’;
- (b) cuirtear isteach an pointe [(n)] seo a leanas:  
‘[(n)] ceangal a chur ar institiúidí neamhchosaintí i leith contrapháirtí lárnaigh a laghdú nó neamhchosaintí a athailíniú ar fud a gcuntas imréitigh i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil riosca comhchruinnithe iomarcach i leith an chontrapháirtí lárnaigh sin.’;

### *Airteagal 3*

#### **Leasuithe ar Threoir (AE) 2019/2034**

Leasaítear Treoir (AE) 2019/2034 mar a leanas:

(1) in Airteagal 26(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):  
próisis éifeachtacha chun na rioscaí a mbeidh nó a d'fhéadfadh go mbeadh na gnólachtaí infheistíocha ar a neamhchosaint orthu, nó na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo do pháirtithe eile, lena n-áirítear riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 á gcur i gcuntas.'

(2) leasaítear Airteagal 29(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

'(e) foinsí ábhartha agus éifeachtaí an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha agus aon tionchar ábhartha ar chistí dílse.';

(b) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Chun críche na chéad fhomhíre, pointe (e), áiritheoidh na Ballstáit go bhforbróidh an comhlacht bainistíocha pleannanna sonracha agus spriocanna inchainníochtaithe i gcomhréir leis na comhréireanna a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun faireachán a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shuntasach leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin.';

(3) in Airteagal 36(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Chun críche na chéad fhomhíre, pointe (a), déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú agus faireachán ar fhorbairt i gcleachtais gnólachtaí infheistíocha maidir le bainistiú a riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, lena n-áirítear na pleannanna a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 29(1), pointe (e), den Treoir seo chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta le linn samhlacha gnó na ngnólachtaí infheistíocha a oiriúnú do chuspóirí beartais ábhartha an Aontais, agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 á gcur i gcuntas.';

(4) leasaítear Airteagal 39(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráiti:

'Chun críocha Airteagal 29, pointe (e), Airteagal 36, Airteagal 37(3) agus Airteagal 39 den Treoir seo agus chun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm, beidh ar a laghad na cumhachtaí seo a leanas ag na húdaráis inniúla:';

(b) cuirtear isteach an pointe (n) seo a leanas:

'(n) ceangal a chur ar institiúidí neamhchosaintí i leith contrapháirtí lárnaigh a laghdú nó neamhchosaintí a athailíníú ar fud a gcuntas imréitigh i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil riosca comhchruinnithe iomarcach i leith an

chontrapháirtí lárnáigh sin.';

*Airteagal 4*

**Trasuí**

1. Tabharfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin [*Oifig na bhFoileachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le hAthbhreithniú EMIR*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach chun an tagairt sin a dhéanamh.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 6*

**Seolaithe**

Díritear an Treoir seo ar na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin  
An tUachtaráin Ursula VON DER LEYEN*

PE749.905v02-00

12/16

RR\1292181GA.docx

**GA**

## **IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR**

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that she has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

<b>Entity and/or person</b>
ABN AMRO Clearing Bank
Alternative Investment Management Association (AIMA)
Association Française Des Marchés Financiers (AMAFI)
Assonime, the Association of Italian Joint-Stock Companies
Bank of America
Banque de France
Blackrock
BNP Paribas
BNY Mellon
Bundesverband deutscher Banken (BdB)
BVI Bundesverband Investment und. Asset Management
Cboe Clear Europe
Citigroup
Commodity Markets Council Europe (CMCE)
Crédit Agricole
Depository Trust and Clearing Corporation (DTCC)
Deutsche Bank AG
Deutsche Börse AG
Deutsches Aktieninstitut
DG FISMA
Euronext Clearing
European Association of Central Counterparty Clearing Houses (EACH)
European Association of Corporate Treasurers (EACT)
European Banking Federation (EBF)
European Central Bank (ECB)
European Economic and Social Committee (EESC)
European Federation of Energy Traders (EFET)
European Fund and Asset Management Association (EFAMA)
European Securities and Markets Authority (ESMA)
European Systemic Risk Board (ESRB)
FIA European Principal Traders Association
FleishmanHillard
French Tresor
FTI Consulting
Goldman Sachs

Hanbury Strategy
HM Treasury
Intercontinental Exchange (ICE)
International Swaps and Derivatives Association (ISDA)
Intesa Sanpaolo
Joint Energy Associations Group (JEAG)
JPMorgan Chase & Co
KDPW CCP Spółka Akcyjna
Kreab
LCH
LCH SA
NASDAQ
Nordic Securities Association
Permanent Representation of Belgium
Permanent Representation of France
Permanent Representation of Germany
Permanent Representation of Spain
Permanent Representation of the Netherlands
Société Générale
UK Mission to the European Union
UniCredit

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruiinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lárnach		
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0698 – C9-0411/2022 – 2022/0404(COD)		
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	8.12.2022		
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí ionmlánach	ECON 1.2.2023		
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí ionmlánach	JURI 1.2.2023		
<b>Gan tuairim a thabhairt</b> Dáta an chinnidh	JURI 31.1.2023		
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Danuta Maria Hübner 25.1.2023		
<b>Pléite sa choiste</b>	5.6.2023	28.6.2023	30.8.2023
<b>Dáta an ghlactha</b>	28.11.2023		
<b>Toradh na vótala críochnaithí</b>	+: -: 0:	47 3 3	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Claude Gruffat, José Gusmão, Enikő Györi, Eero Heinäluoma, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Pedro Marques, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle		
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Ivars Ijabs, Janusz Lewandowski, Andżelika Anna Moźdzanowska, Erik Poulsen, René Repasi		
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Barry Andrews, Alessandra Basso, Theresa Bielowski, Carlos Coelho, Francisco Guerreiro, Fabienne Keller, Liudas Mažylis		
<b>Dáta don chur síos</b>	5.12.2023		

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

47	<b>+</b>
ECR	Andżelika Anna Moźdżanowska, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle
ID	France Jamet
NI	Enikő Győri
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Carlos Coelho, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Janusz Lewandowski, Liudas Mažylis, Luděk Niedermayer, Ralf Seekatz, Inese Vaidere
Renew	Barry Andrews, Engin Eroglu, Ivars Ijabs, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Eva Maria Poptcheva, Erik Poulsen
S&D	Marek Belka, Theresa Bielowski, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, René Repasi, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Claude Gruffat, Francisco Guerreiro, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Kira Marie Peter-Hansen

3	-
ID	Gunnar Beck
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos
The Left	José Gusmão

3	<b>0</b>
ECR	Denis Nesci
ID	Alessandra Basso, Antonio Maria Rinaldi

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh